Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

12210/20

ENV 652
CLIMA 276
AGRI 376
FORETS 34
MARE 28
PECHE 339
SAN 373
RECH 412
ENER 388
ECOFIN 958
DEVGEN 142
SUSTDEV 138
RELEX 798
WTO 285
ONU 59
FAO 25

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 23 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11829/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 8219/20 + ADD 1 - COM(2020) 380 final |
| Ábhar: | Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach<br>- Conclúidí ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3777ú cruinniú dá cuid, an 23 Deireadh Fómhair 2020.

**IARSCRÍBHINN**

**Bithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach**

**- Conclúidí ón gComhairle -**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

Á MHEABHRÚ DI:

Na Conclúidí ón gComhairle maidir leis na nithe seo a leanas:

– I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe, faoi 2030"[1];
– An creat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 a ullmhú – an Coinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch (CBD)[2];
– An dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Straitéis Foraoise an Aontais agus maidir le creat straitéiseach nua i gcomhair foraoisí[3];
– Tuilleadh ciorclaíochta – an t-aistriú chuig sochaí inbhuanaithe[4];
– An 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol – *Turning the Trends Together* [Na Treochtaí a Chasadh le Chéile][5];
– Dlús a chur le gníomhaíocht chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú[6];
– Na hAigéin agus na Farraigí[7];

1 8286/19.
2 15272/19 + COR 1.
3 8609/19.
4 12791/19.
5 12795/19.
6 15151/19.
7 14249/19.

ÓS CÚIS MHÓR IMNÍ DI ráta domhanda chailliúint na bithéagsúlachta, staid reatha an dúlra san Aontas agus an dul chun cinn teoranta le cosaint na bithéagsúlachta; ÓS MAITH IS EOL DI gur bagairt dhíreach, eiseach ar bheatha agus ar dhea-bhail an duine iad cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú an éiceachórais go háitiúil, go réigiúnach agus go domhanda, agus cailliúint seirbhísí éiceachórais; agus go gcuireann siad ár sochaí agus ár ngeilleagar i mbaol;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an gcaoi gurb iad na cúig phríomhchúis dhíreacha le cailliúint na bithéagsúlachta athruithe in úsáid talún agus mara, róshaothrú acmhainní nádúrtha, an t-athrú aeráide, truailliú, agus speicis choimhthíocha ionracha; agus gur gá dul i ngleic go práinneach agus go héifeachtach le cúiseanna díreacha agus indíreacha chailliúint na bithéagsúlachta;

Á ADMHÁIL DI go bhfuil Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2030, dá ngairtear ‘an Straitéis’ anseo feasta, ar phríomhthionscnaimh an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, arb é is aidhm di geilleagar an Aontais a dhéanamh inbhuanaithe agus aeráidneodrach faoi 2050, bithéagsúlacht a chosaint, a athbhunú agus a úsáid go hinbhuanaithe, sláinte na saoránach a fheabhsú, chomh maith le hinbhuanaitheacht, ciorclaíocht agus cuimsitheacht ár ngeilleagair a áirithiú;

Á CHUR I dTREIS DI gur mó an baol go dtiocfaidh galair thógálacha zónóiseacha chun cinn de dheasca idirghabhálacha daonna áirithe in éiceachórais; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar a thábhachtaí atá sé an bhithéagsúlacht agus éiceachórais dhea fheidhmiúla a chosaint, a choinneáil ar bun agus a athbhunú chun ár n-athléimneacht a threisiú agus chun teacht chun cinn agus leathadh galar nua a chosc; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI, sa chomhthéacs sin, ar luach an chur chuige Aon Sláinte Amháin, lena gcuimsítear na hidirnaisc idir sláinte an duine, sláinte ainmhithe, sláinte plandaí agus sláinte an chomhshaoil;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an gcaoi ar dlúthchuid den Chomhaontú Glas don Eoraip í an Straitéis, agus gur cheart í a bheith mar ghné lárnach de phlean téarnaimh an Aontais chomh maith[8];

---

[8] Tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú ina leith an 21 Iúil 2020 (EUCO 10/20) agus tá sé ina ábhar caibidlíochta faoi láthair le Parlaimint na hEorpa.

Á AITHINT DI go bhfuil dlúthnasc idir cailliúint na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide, mar aon lena gcuid réiteach faoi seach; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an gcaoi a mbeidh ról tábhachtach ag réitigh dhúlra-bhunaithe[9] lena gcothófar an bhithéagsúlacht maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin;

AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an gcaoi a n-éilítear gníomhaíocht éifeachtach i ngach earnáil ábhartha beartais ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun go gcuirfear an Straitéis chun feidhme go rathúil; agus go gcaithfidh an tsochaí shibhialta, údaráis phoiblí agus lucht gnó, go háirithe geallsealbhóirí a ndéanann na bearta dá bhforáiltear sa Straitéis difear sonrach dóibh, go speisialta sna hearnálacha talmhaíochta, iascaigh, foraoiseachta agus eastóscacha, go gcaithfidh siad a bheith rannpháirteach ina cur chun feidhme; AGUS BÉIM Á LEAGAN AICI ar an gcaoi ar cheart ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a sheachaint agus an Straitéis á cur chun feidhme, go háirithe d'úsáideoirí talún agus do ghnólachtaí, agus don riarachán poiblí freisin;

Á AITHINT DI go mbeidh sé ríthábhachtach, chun an Straitéis a chur chun feidhme go héifeachtach, scrúdú críochnúil a dhéanamh ar thorthaí na meastóireachta a rinneadh ar Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais do 2020;

Á ADMHÁIL DI go bhféadfadh tairbhí eacnamaíocha díreacha agus indíreacha a bheith ag baint le caomhnú, le hathchóiriú agus le húsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta agus na n-éiceachóras i gcás an chuid is mó de na hearnálacha den gheilleagar, agus go bhfuil gach gnólacht ag brath ar shócmhainní caipitil nádúrtha agus ar sheirbhísí éiceachórais go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear trína slabhraí soláthair, agus go bhfuil na costais a bhaineann le gníomhaíocht neamhleor ard agus go bhfuiltear den tuairim go rachaidh siad i méid; ÓS EOL DI go bhfuil sé d'acmhainn ag beartas bithéagsúlachta feabhsaithe, lena ngabhann bearta éifeachtacha, iomaíochas an gheilleagair agus na tionsclaíochta a neartú, chomh maith le deiseanna nua poist agus eacnamaíocha a oscailt, mar shampla i réimsí na teicneolaíochta comhshaoil, na turasóireachta agus an áineasa, an athchóirithe dúlra agus i soláthar seirbhísí éiceachórais;

Á ATHDHEARBHÚ DI go bhfuil an tAontas Eorpach réidh le hard-uaillmhian a léiriú maidir le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus, i gcás inar féidir, an chailliúint sin a aisiompú, chun an domhan a threorú trí eiseamláir agus trí ghníomhaíocht, agus cabhrú le creat bithéagsúlachta domhanda don tréimhse tar éis 2020 a chomhaontú agus a ghlacadh ag an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch; Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhféadfaí cur le hiomaíochas an Aontais chomh maith dá nglacfaí uaillmhianta domhanda den sórt sin dá ngníomhódh na páirtithe uile i gcomhréir leis na huaillmhianta sin;

---

9 Réitigh atá dúlra-bhunaithe agus a fhaigheann tacaíocht ón dúlra, atá costéifeachtach, a chuireann tairbhí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha ar fáil ag an am céanna, agus a chuidíonn le hathléimneacht a chothú; féach freisin https://ec.europa.eu/research/environment/index.cfm?pg=nbs.

Á ADMHÁIL DI na hiarrachtaí domhanda chun díghrádú na n-éiceachóras ar fud an domhain a chosc, a stopadh agus a aisiompú faoi Dheich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras 2021-2030;

AGUS Í Á CHUR I bhFIOS gur cúis imní di baol tromchúiseach na bithéagsúlachta muirí mar a léiríodh i dTuarascáil Mheasúnachta Dhomhanda IPBES 2019 maidir le Seirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais, sa chúigiú heagrán d’Ionchas Domhanda na Bithéagsúlachta (GBO-5) agus i dTuarascáil Speisialta IPCC ar an Athrú Aeráide maidir leis an Aigéan agus leis an gCrióisféar in Aeráid atá ag Athrú; AGUS IARRACHT Á DÉANAMH AICI lena áirithiú gur cuid lárnach den chreat bithéagsúlachta domhanda tar éis 2020 iad saincheisteanna na mara;

Á MHEABHRÚ DI go bhfuil cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, agus na 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a ghabhann leis, ríthábhachtach dár ndomhan chun saol síochánta agus slán a áirithiú do ghlúin an lae inniu agus do na glúnta amach anseo agus teorainneacha éiceolaíocha ár bpláinéid á n-urramú ag an am céanna; Á CHUR I dTREIS DI a thábhachtaí atá an dúlra, an bhithéagsúlacht agus na seirbhísí éiceachórais, agus a rannchuidiú ríthábhachtach, chun SDGanna a bhaint amach; Á ADMHÁIL DI gach ceann de na trí ghné den inbhuanaitheacht;

AN GÁ ATÁ LE GNÍOMH PRÁINNEACH

1. FORMHUINÍONN SÍ cuspóirí *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol][10]; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá a áirithiú go mbeadh comhthacaíocht fhrithpháirteach idir na tionscnaimh uile faoin gComhaontú Glas don Eoraip agus cuspóirí an Aontais agus na mBallstát a bhaineann, i measc nithe eile, leis an tslándáil bia, an tsláinte, an t-athrú aeráide agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha talún agus mara, go háirithe córais inbhuanaithe talmhaíochta agus bhia, iascaigh inbhuanaithe agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí;

2. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún measúnú tionchair críochnúil a sholáthar d’aon togra reachtach a d’fhéadfadh sé a chur i láthair, i gcomhréir leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, lena n-áirítear measúnú ar choimhdeacht agus ar chomhréireacht na mbeart atá molta agus, más gá, measúnú a sholáthar ar chúiteamh agus ar an maoiniú a ghabhann leis; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tuilleadh sonraí a thabhairt maidir le heilimintí den Straitéis a mhaoiniú;

[10] 8219/20 + ADD 1.

3. DEARBHAÍONN SÍ go n-éilíonn cur chun feidhme na Straitéise comhiarracht ón gCoimisiún, ó na Ballstáit agus ón tsochaí ina hiomláine; agus IARRANN SÍ orthu tús a chur leis na bearta cur chun feidhme go tapa agus go huaillmhianach; ADMHAÍONN SÍ an gá atá le hacmhainní airgeadais comhfhreagracha;

AN DÚLRA A CHOSAINT AGUS A ATHBHUNÚ SAN AONTAS EORPACH

4. Cé go bhfuil creataí dlíthiúla, straitéisí agus pleananna gníomhaíochta ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta i bhfearas chun an bhithéagsúlacht agus an dúlra a chosaint agus chun gnáthóga agus pobail speiceas díghrádaithe a athbhunú, AITHNÍONN SÍ nach mór dúinn dlús a chur le cosaint agus le hathchóiriú an dúlra chun an bhithéagsúlacht a chur ar bhealach a leasa faoi 2030 agus aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na nithe sin – bídís díreach nó indíreach – is cúis le cailliúint na bithéagsúlachta agus an dúlra;

5. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil luach thar a bheith ard ó thaobh na bithéagsúlachta de ag baint le héiceachórais mhuirí agus talún sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus nach mór iad a áireamh sna hiarrachtaí sin;

6. IS DÍOL SÁSAIMH DI – agus a bhfuil i mír 1 á thabhairt san áireamh – go háirithe spriocanna ar leibhéal an Aontais a liostaítear ag deireadh míreanna 2.1 'Líonra comhtháite de limistéir faoi chosaint' agus 2.2 'Plean an Aontais maidir le hathchóiriú an dúlra: éiceachórais a athbhunú ar fud na talún agus na farraige' den Straitéis, mar bhonn ríthábhachtach freisin don phlé polaitiúil agus sochaíoch is gá idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí;

7. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá teacht ar shoiléireacht maidir leis na sainmhínithe i ndáil le roinnt príomhghealltanas agus oibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais á gcur san áireamh; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go mbraitheann roinnt de na príomhghealltanais ar chomhchinneadh ar shainmhínithe agus ar chritéir arna ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit;

8. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór dálaí sonracha náisiúnta chomh maith leis na bearta a glacadh cheana sna Ballstáit aonair a chur san áireamh maidir leis na spriocanna ar leibhéal an Aontais a luaitear sa Straitéis a bhaint amach;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cuspóir líonra comhtháite de limistéir dhea-bhainistithe faoi chosaint a chruthú agus chun 30 %, ar a laghad, de limistéar talún an Aontais agus 30 %, ar a laghad, dá limistéar farraige a chosaint, ar limistéar é a mbeidh an tríú cuid de faoi chosaint dhocht, arb ionann é agus 10 % de thalamh an Aontais agus 10 % d'fharraige an Aontais; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cuspóir é sin atá le baint amach ag na Ballstáit i dteannta a chéile, le gach Ballstát ag glacadh páirt san iarracht chomhpháirteach sin agus dálaí náisiúnta á gcur san áireamh acu; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart an líonra sin a bhunú ar líonra Natura 2000 agus go gcomhlánófaí é le hainmniúcháin bhreise ó na Ballstáit;

10. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá le próiseas rannpháirteach idir an Coimisiún agus na Ballstáit chun na spriocanna sin a shoiléiriú a thuilleadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear comhthuiscint a fhorbairt maidir leis na sainmhínithe agus na critéir chun limistéir chosanta bhreise a ainmniú chomh maith le dianchosaint a shainiú; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart, sa phróiseas sin, aitheantas a thabhairt do chatagóirí náisiúnta na limistéar faoi chosaint atá ann cheana agus do bhearta caomhnúcháin éifeachtacha áirithe eile atá limistéarbhunaithe (OECManna, arna sainmhíniú ag CBD); CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go gceadófaí, leis an leibhéal níos déine cosanta, gníomhaíochtaí inbhuanaithe áirithe atá i gcomhréir le cuspóirí caomhnúcháin an limistéir faoi chosaint;

11. AITHNÍONN SÍ an gá práinneach atá ann dlús a chur leis na hiarrachtaí chun bainistiú éifeachtach na limistéar uile faoi chosaint a áirithiú, cuspóirí agus bearta soiléire caomhnúcháin a shainiú, agus faireachán agus neartú iomchuí a dhéanamh orthu, agus éifeachtaí an athraithe aeráide á gcur san áireamh;

12. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé ilroinnt na ngnáthóg a laghdú go suntasach, mar shampla i ngeall ar thionscadail bhonneagair nó i ngeall ar an meath ar ghnéithe tírdhreacha, agus ar an ngá atá le bearta chun comhcheangailteacht éiceolaíoch gnáthóg san Aontas a fheabhsú, a athbhunú agus a dhaingniú;

13. ADMHAÍONN SÍ go mbeidh sé riachtanach cosc a chur le meath breise ar staid reatha na bithéagsúlachta agus an dúlra, ach nach mbeidh sé sin leordhóthanach chun an dúlra a thabhairt ar ais inár saol; ATHDHEARBHAÍONN SÍ go bhfuil gá le níos mó uaillmhéine maidir le hathchóiriú an dúlra mar a mholtar i bPlean nua an Aontais um Athchóiriú an Dúlra, lena n-áirítear bearta chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a athbhunú lasmuigh de limistéir faoi chosaint; agus TÁ SÍ AG FEITHEAMH LE togra le haghaidh spriocanna maidir le hathchóiriú an dúlra atá ceangailteach ó thaobh an dlí, atá faoi réir measúnú tionchair;

14. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a hiarraidh cuspóirí beartais bithéagsúlachta an Aontais a phríomhshruthú go práinneach i ngach réimse beartais de chuid an Aontais agus i ngach réimse beartais náisiúnta is ábhartha, lena n-áirítear na hearnálacha uile a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an mbithéagsúlacht; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na cuspóirí sin a chomhtháthú i dtograí reachtacha a bheidh ann amach anseo agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit na cuspóirí sin a phríomhshruthú i gcur chun feidhme bheartais an Aontais agus na mbeartas náisiúnta;

15. IS DÍOL SÁSAIMH DI gurb é aidhm na Straitéise an dúlra a thabhairt ar ais sna cathracha agus sna ceantair uirbeacha agus deireadh a chur le cailliúint na n-éiceachóras uirbeach glas; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé an bonneagar glas agus réitigh dhúlra-bhunaithe a chomhtháthú go córasach sa phleanáil uirbeach, lena n-áirítear spásanna poiblí, an bonneagar, agus i ndearadh foirgneamh agus a dtimpeallacht;

16. IS DÍOL SÁSAIMH DI gur seoladh Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais 2030 ag an am céanna leis an Straitéis Ón bhFeirm go dtí an Forc agus go gcuirfear an dá straitéis chun feidhme in éineacht, chomh maith le beartais eile amhail an Comhbheartas Talmhaíochta, an Comhbheartas Iascaigh, an Beartas Comhtháthaithe, laistigh dá gcreat dlíthiúil faoi seach, agus an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach; IS DÍOL SÁSAIMH DI an t-ullmhúchán do Straitéis nua Foraoise AE agus do Straitéis nua AE maidir le hoiriúnú don athrú aeráide; IARRANN SÍ go ndéanfaí modhanna agus uirlisí sonracha a chur ar fáil chun cur chuige comhoibritheach comhleanúnach éifeachtach a áirithiú;

17. Chun an creimeadh géiniteach a íoslaghdú agus an éagsúlacht ghéiniteach a chosaint, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá éagsúlacht ghéiniteach na bplandaí saothraithe, iad siúd atá fiáin agus gaolmhar leo, agus na n-ainmhithe feirme agus clóis a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, agus éagsúlacht ghéiniteach na speiceas fiáin a chosaint agus a chothabháil, lena n-áirítear trí bhearta caomhnúcháin *in situ* agus *ex situ*;

18. CUIREANN SÍ I dTREIS ról ríthábhachtach na bpailneoirí maidir le héiceachórais shláintiúla agus le slándáil an tsoláthair bia agus a riachtanaí atá sé a meath a aisiompú; IARRANN SÍ go ndéanfaí cuspóirí agus táscairí mionsonraithe a tharraingt suas maidir le príomhghealltanas na Straitéise ‘Aisiompaítear an meath ar líon na bpailneoirí’;

19. CUIREANN SÍ I dTREIS an ról lárnach atá ag na héiceachórais fionnuisce ní hamháin i dtaca le comhcheangailteacht éiceolaíoch ach i dtaca le feidhmeanna nádúrtha agus seirbhísí eile éiceachórais a chuireann siad ar fáil, agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá dlús a chur le gníomhaíochtaí chun aibhneacha, bogaigh agus tuilemhánna a athchóiriú, i gcomhréir le cuspóirí na Creat-treorach Uisce;

20. AITHNÍONN SÍ an gá atá le gníomhaíocht maidir le cosaint agus caomhnú éiceachóras muirí agus cósta agus maidir leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn mar ábhar práinne, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar mhórbhagairtí, amhail drochéifeachtaí an athraithe aeráide, truailliú mara de gach cineál, lena n-áirítear torann faoi uisce chomh maith le róshaothrú acmhainní muirí agus speicis choimhthíocha ionracha a thabhairt isteach;

21. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá éiceachórais foraoise shláintiúla athléimneacha, a chomhlíonann ilfheidhmeanna, mar aon le cosaint na bhforaoisí príomhúla atá fós ann; agus IS DÍOL SÁSAIMH DI na próisis rannpháirtíochta atá ar siúl chun foraoisí príomhúla agus cianaosta a shainiú, a mhapáil agus faireachán a dhéanamh orthu, darb aidhm caomhnú na bhforaoisí sin a áirithiú;

22. MEABHRAÍTEAR DI reachtaíocht an Aontais maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha[11]; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá gníomhaíocht in aghaidh speiceas coimhthíoch ionrach a atreisiú mar ábhar práinne agus tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach nua a íoslaghdú, agus i gcás inar féidir, a chosc;

23. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil truailliú ar na príomhchúiseanna díreacha le cailliúint na bithéagsúlachta; IS DÍOL SÁSAIMH DI na moltaí a rinneadh sa straitéis maidir le truailliú a laghdú; FANANN SÍ leis an bPlean Gníomhaíochta um Thruailliú Nialasach a fógraíodh le haghaidh 2021; agus AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá fós le hiarrachtaí níos mó, lena n-áirítear maidir le truailliú an chomhshaoil ag plaistigh agus truailleáin eile a chosc, a laghdú agus deireadh iomlán a chur leis;

24. TACAÍONN SÍ leis an gCoimisiún agus é ag cur dlús lena iarrachtaí cosaint níos fearr a dhéanamh ar ithreacha agus ar bhithéagsúlacht ithreach, agus í ina hacmhainn neamh-inathnuaite ríthábhachtach, agus séalú ithreach a laghdú, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ tiomantas an Aontais neodracht ó thaobh díghrádú talún a bhaint amach; IS DÍOL SÁSAIMH DI an nuachóiriú atá beartaithe ar Straitéis Théamach Ithreach an Aontais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá aghaidh a thabhairt go pras ar fhairsingiú fásaigh agus díghrádú talún san Aontas; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an toil dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an gcuspóir 'glantógadh nialasach talún' a bhaint amach faoi 2050;

[11] Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lgh. 35-55).

ATHRÚ CLAOCHLAITHEACH A CHUMASÚ

25. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór prionsabal na coimhdeachta a urramú leis an gcreat nua Eorpach maidir le rialachas na bithéagsúlachta agus nach mór gach togra ábhartha a chur i dtoll a chéile agus a fhorbairt i gcomhar leis na Ballstáit; AONTAÍONN SÍ go bhfuil gá le creat faireacháin láidir chun cur chun feidhme na Straitéise a rianú chomh maith le stádas agus treochtaí na bithéagsúlachta, agus ualaí breise riaracháin neamhriachtanacha á seachaint ag an am céanna, le sásraí chun an dul chun cinn a athbhreithniú agus dlús a chur le gníomhaíochtaí i gcás inar gá sin;

26. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil cur chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán reachtaíocht chomhshaoil an Aontais i gcroílár na Straitéise; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí sa réimse sin;

27. AITHNÍONN SÍ an luach a bhaineann le comhar agus le malartú taithí idir institiúidí náisiúnta agus institiúidí an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar choireacht chomhshaoil agus ar iompraíochtaí a dhéanann dochar don bhithéagsúlacht;

28. AONTAÍONN SÍ, chun cailliúint na bithéagsúlachta a ghleic, dea-bhail a choinneáil ar éiceachórais agus éiceachórais a athbhunú, go mbeidh gá le hinfheistíochtaí poiblí agus príobháideacha suntasacha ar an leibhéal náisiúnta agus Eorpach; ADMHAÍONN SÍ measúnú tosaigh an Choimisiúin, ionas go mbainfear riachtanais na Straitéise seo amach, lena n-áirítear tosaíochtaí infheistíochta maidir le Natura 2000 agus leis an mbonneagar glas, gur cheart EUR 20 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana a chur ar fáil do chaiteachas ar chúrsaí dúlra; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart cuid mhór den 30 % de bhuiséad an Aontais agus de chaiteachais Next Generation EU atá tiomnaithe do ghníomhaíocht ar son na haeráide a infheistiú i réitigh bhithéagsúlachta agus i réitigh dhúlra-bhunaithe lena gcothaítear an bhithéagsúlacht; CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá profáil éifeachtach bithéagsúlachta chomh maith le modh feabhsaithe rianaithe bithéagsúlachta;

29. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá cosaint agus athchóiriú an dúlra agus na bithéagsúlachta a bheith ina dtosaíochtaí sa Phlean Infheistíochta maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a riachtanaí atá sé 'prionsabal na neamhdhíobhála' a chur i bhfeidhm chun éifeachtaí bithéagsúlachta diúltacha ó chláir tacaíochta eacnamaíocha a sheachaint agus chun a áirithiú go rannchuideoidh infheistíochtaí eacnamaíocha, i gcás inar féidir, le caomhnú agus athchóiriú na bithéagsúlachta;

30. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuiltear ag súil go gcuideoidh tacsanomaíocht airgeadais inbhuanaithe an Aontais le hinfheistíocht a stiúradh i dtreo téarnamh glas, lena n-áirítear trí infheistíochtaí atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht a chur chun cinn;

31. ÓS EOL DI a thábhachtaí atá tionscail mhianadóireachta inbhuanaithe an Aontais; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór tionchair dhiúltacha na mianadóireachta ar an mbithéagsúlacht a sheachaint, a íoslaghdú agus, mura féidir sin, a chúiteamh agus é mar aidhm leis sin a lorg éiceolaíoch ar an Aontas agus ar fud an domhain a laghdú; agus CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá samhlacha gnó ciorclacha agus úsáid amhábhar tánaisteach a spreagadh;

32. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndéanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, modhanna, critéir agus caighdeáin a fhorbairt in 2021 chun tuairisc a thabhairt ar ghnéithe fíor-riachtanacha na bithéagsúlachta, na seirbhísí, na luachanna, agus na bainistíochta inbhuanaithe agus na húsáide a ghabhann léi, lena n-áirítear tomhas a dhéanamh ar lorg éiceolaíoch táirgí agus seirbhísí, amhail cuir chuige atá bunaithe ar shaolré na dtáirgí agus na seirbhísí sin agus ar chuntasaíocht caipitil nádúrtha;

33. IS DÍOL SÁSAIMH DI na tionscnaimh ón gCoimisiún le haghaidh gluaiseacht um Ghnólacht Eorpach maidir leis an mBithéagsúlacht agus le haghaidh rialachas corparáide inbhuanaithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR ról lárnach na hearnála príobháidí i dtaca le cosaint na bithéagsúlachta agus slabhraí luacha atá neamhdhíobhálach don bhithéagsúlacht tríd an mbithéagsúlacht a bhainistiú níos fearr ar a suíomhanna féin, ag féachaint le lorg éiceolaíoch táirgí agus seirbhísí a laghdú, agus ag obair le slabhraí soláthair chun damáiste don éiceachóras a mhaolú, truailliú a laghdú agus deireadh a chur le dífhoraoisiú; agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún gnéithe ábhartha den Straitéis a chomhtháthú i bhforbairt na treoraíochta do phríomhearnálacha eacnamaíocha;

34. CUIREANN SÍ I dTREIS nach mór eolaíocht fhónta a bheith mar bhuntaca na ngníomhaíochtaí a dhéantar in aghaidh chailliúint na bithéagsúlachta agus go mbeidh sé ríthábhachtach infheistiú i dtaighde, nuálaíocht, malartú eolais, múscailt feasachta agus oideachas, ionas go gcruinneofar na sonraí is fearr agus go n-aimseofar na réitigh is fearr; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le húsáid níos déine a bhaint as eolas atá ann cheana ar de thionscnamh tionscadail taighde Eorpacha, idirnáisiúnta agus réigiúnacha é agus as eolas áitiúil agus eolas na bpobal dúchasach, bunaithe ar shaorthoiliú feasach a fháil uathu roimh ré, agus an gá atá le taighde idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach maidir leis an mbithéagsúlacht a dhoimhniú chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí na Straitéise; TACAÍONN SÍ le clár oibre uaillmhianach taighde bithéagsúlachta, le bunú na Comhpháirtíochta Bithéagsúlachta agus le comhpháirtíochtaí ábhartha eile maidir leis an mbithéagsúlacht laistigh den Chlár Réime nua um Thaighde agus um Nuálaíocht, dá ngairtear Fís Eorpach; IS DÍOL SÁSAIMH DI na fógraí ón gCoimisiún go mbunóidh sé Lárionad Eolais nua maidir leis an mBithéagsúlacht in 2020 i ndlúthchomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus Moladh ón gComhairle a mholadh maidir le comhar san oideachas a spreagadh ar mhaithe le hinbhuanaitheacht chomhshaoil in 2021;

AN TAONTAS EORPACH AR SON CLÁR OIBRE UAILLMHIANACH DOMHANDA MAIDIR LEIS AN MBITHÉAGSÚLACHT

35. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur croí-thosaíocht do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais í an bhithéagsúlacht agus gur gá uaillmhian an Aontais agus na mBallstát a áirithiú, agus gach iarracht a shlógadh ar mhaithe le bithéagsúlacht an domhain; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur ríthábhachtach a bheidh an rannpháirtíocht agus an comhar idirnáisiúnta agus réigiúnach a mhéid a bhaineann le freagairt ar ghéarchéim na bithéagsúlachta agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí feasacht ar an mbithéagsúlacht a mhéadú mar chuid de thaidhleoireacht chomhleanúnach Chomhaontú Glas an Aontais;

36. CUIREANN SÍ IN IÚL GUR CÚIS MHÓR IMNÍ DI gur neamhleor den chuid is mó an dul chun cinn a rinneadh faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch don tréimhse 2011-2020 ó thaobh spriocanna bithéagsúlachta Aichi a ghnóthú, toisc nár baineadh amach ina n-iomláine aon cheann de na spriocanna; GEALLANN SÍ FÓS go leagfaidh an tAontas dea-shampla síos agus go ndéanfaidh sé gach iarracht ionas go gcomhaontófar creat bithéagsúlachta domhanda uaillmhianach iar-2020 atá nua claochlaitheach ag an 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch atá ar na bacáin;

37. ADMHAÍONN SÍ lorg dhomhanda éiceolaíoch an Aontais agus an gá práinneach atá le héifeachtaí domhanda diúltacha a bhaineann le táirgeadh agus tomhaltas an Aontais a laghdú chun, go háirithe, inchreidteacht ról ceannaireachta an Aontais a fheabhsú;

38. Na gnéithe a leagtar amach sa Straitéis – na spriocanna domhanda uileghabhálacha do 2050, na cuspóirí domhanda uaillmhianacha do 2030 i gcomhréir le gealltanais an Aontais sa Straitéis seo, sásra i bhfad níos láidre maidir le cur chun feidhme, próiseas faireacháin agus athbhreithnithe, creat cumasúcháin chun uaillmhianta a chomhlíonadh, ar fud réimsí amhail an t-airgeadas, fothú acmhainneachta, taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht, rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid na n-acmhainní géiniteacha a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus prionsabal an chomhionannais, lena n-áirítear rannpháirtíocht iomlán éifeachtach na bpobal dúchasach agus na pobal áitiúil – CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur bonn an-mhaith iad na gnéithe sin don phlé amach anseo ar an leibhéal idirnáisiúnta agus tugtar ionchur leo faoi sheasamh an Aontais don 15ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch;

39. Maidir le ról na bpobal dúchasach, CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach (A/RES/61/295);

40. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá cur chuige an réamhchúraim, ar áireamh i nDearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, don Choinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch agus do na prótacail a ghabhann leis;

41. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair a rinneadh faoi Phrótacal Cartagena go háirithe maidir le measúnú a dhéanamh ar na drochéifeachtaí a bhaineann le biteicneolaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann; ina theannta sin, IARRANN SÍ ar na páirtithe uile i bPrótacal Nagoya dlús a chur lena n-iarrachtaí le go mbeidh an Prótacal ag feidhmiú go hiomlán;

42. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé sineirgí agus comhthairbhí a lorg le Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil a bhaineann leis an mbithéagsulacht agus idir na trí Choinbhinsiún Rio, agus breithnithe agus spriocanna maidir leis an mbithéagsúlacht a chomhtháthú sna próisis idirnáisiúnta agus réigiúnacha ábhartha;

43. MEABHRAÍTEAR DI na gealltanais a tugadh agus na hiarrachtaí a rinneadh sa Choimisiún maidir le hAcmhainní Géiniteacha do Bhia agus don Talmhaíocht in Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe chun prionsabail an chaomhnúcháin agus na forbartha inbhuanaithe, go háirithe maidir le hacmhainní géiniteacha ainmhithe, uisceacha, plandaí agus foraoise a chur chun feidhme, chomh maith le réimsí téamacha atá ag teacht chun cinn lena n-áirítear miocrorgánaigh, inveirteabraigh, cothú agus sláinte; agus DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá dlúthchomhar leanúnach leis an bhfóram seo agus é mar aidhm leis sin spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach, acmhainní a úsáid go héifeachtach agus dúbláil a sheachaint;

44. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil luach bithéagsúlachta as an ngnáth ag baint leis na héiceachórais mhuirí agus talún sna tíortha agus críocha thar lear atá comhlachaithe leis an Aontas:

45. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé dea-stádas comhshaoil na n-éiceachóras muirí a bhaint amach; CUIREANN SÍ I dTREIS go dtacaíonn an tAontas le comhaontú idirnáisiúnta uaillmhianach atá ceangailteach ó thaobh dlí a thabhairt i gcrích maidir le bithéagsúlacht mhuirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ) faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) in 2021, agus go n-iarrann sé amhlaidh, agus leanfaidh sé de thacú le hainmniú dhá limistéar mhóra mhuirí faoi chosaint san Aigéan Theas agus le hainmniú thearmann míolta móra an Atlantaigh Theas faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra a mbainfidh sé úsáid as a ghiaráil taidhleoireachta ar fad agus a chumas for-rochtana chun cuidiú le comhaontú a chaibidil lena n-aghaidh; ATHDHEARBHAÍONN SÍ cineál uathúil leochaileach na bithéagsúlachta san Artach: ATHDHEARBHAÍONN SÍ go leanfaidh an tAontas de bheartas neamhfhulaingthe a chur i bhfeidhm maidir le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, d'iascaigh inbhuanaithe a chur chun cinn chun an ró-iascaireacht agus foghabháil speiceas atá faoi bhagairt agus speiceas eile a chomhrac, lena n-áirítear trí chaibidlíocht leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir le comhaontú domhanda chun cosc a chur ar fhóirdheontais iascaireachta a dhéanann díobháil d'inbhuanaitheacht na stoc éisc go díreach;

46. DEARBHAÍONN SÍ nach féidir mianraí muirí sa limistéar a shainítear in Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a shaothrú sula ndéanfar taighde leordhóthanach ar éifeachtaí na mianadóireachta domhainfharraige ar an muirthimpeallacht, ar an mbithéagsúlacht agus ar ghníomhaíochtaí an duine, sula dtuigfear na rioscaí a bhaineann leis an méid sin agus sula mbeifear in ann a léiriú a bhuí le teicneolaíochtaí agus le cleachtais oibríochtúla nach bhfuil díobháil thromchúiseach déanta don timpeallacht, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim; agus IARRANN sí ar an Aontas agus a Bhallstáit an seasamh seo a fhormhuiniú i bhfóraim ábhartha;

47. TÁ SÍ TIOMANTA teacht ar chomhaontú domhanda maidir le bruscar muirí plaisteach a laghdú:

48. IS DÍOL SÁSAIMH DI gealltanais an Choimisiúin cur chun chun feidhme agus forfheidhmiú iomlán na bhforálacha bithéagsúlachta a áirithiú sna comhaontuithe trádála uile agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na gcomhaontuithe trádála ar an mbithéagsúlacht ar bhealach níos fearr, trí ghníomhaíocht leantach a dhéanamh chun na forálacha bithéagsúlachta i gcomhaontuithe nua agus i gcomhaontuithe atá ann cheana a bhfuil nuachóiriú á dhéanamh orthu a neartú i gcás inarb ábhartha; IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an rún atá ag an gCoimisiún togra reachtach agus bearta eile a chur i láthair in 2021 chun nach gcuirfear táirgí a bhaineann le dífhoraoisiú nó le díghrádú foraoise ar an margadh nó chun go laghdófar méid na dtáirgí sin a chuirtear ar an margadh;

49. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur chloígh an tAontas agus a Bhallstáit lena ngealltanas sreabha airgeadais le haghaidh na bithéagsúlachta chuig tíortha i mbéal forbartha agus chuig geilleagair atá ag athrú a dhúbailt; CUIREANN SÍ I dTREIS go gcuirfidh an tAontas agus na Ballstáit dlús lena gcomhar le comhpháirtithe agus go gcuirfidh siad feabhas ar éifeachtúlacht, ar chost-éifeachtúlacht, ar phríomhshruthú na n-acmhainní atá ar fáil agus acmhainní nua agus acmhainní breise as gach uile fhoinse a shlógadh chun tacú le creat bithéagsúlachta domhanda uaillmhianach tar éis 2020; CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart go dtacódh cistiú don aeráid agus don bhithéagsúlacht le chéile agus gur cheart go rachadh cuid mhéadaitheach de chistiú don aeráid chun tairbhe don dúlra agus don bhithéagsúlacht araon;

50. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ról ionstraimí cistiúcháin forbartha an Aontais agus an úsáid mhéadaithe a bhaintear astu chun athchóiriú, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a neartú ar fud an domhain;

51. TACAÍONN SÍ le tiomantas an Choimisiúin bearta a dhéanamh chun deireadh a chur le trádáil mhídhleathach fiadhúlra, trí athbhreithniú a dhéanamh, mar shampla, ar an teachtaireacht *EU Action Plan against Wildlife Trafficking* [Plean Gníomhaíochta an Aontais in aghaidh na Gáinneála ar Fhiadhúlra] in 2021 agus trí athbhreithniú féideartha a dhéanamh ar an Treoir um Choireacht Chomhshaoil, lena n-áirítear trí fhéachaint ar a raon feidhme a leathnú agus trí fhorálacha sonracha a thabhairt isteach maidir le cineál agus leibhéal na smachtbhannaí coiriúla; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún togra uaillmhianach a thíolacadh chun deireadh a chur le trádáil eabhair i margadh an Aontais; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún bearta iomchuí a ghlacadh go pras lena ndíreofar ar fhaireachán a dhéanamh ar allmhairiú neamhdhleathach fiadhúlra agus feola fiáine ag teorainneacha seachtracha an Aontais agus ar an allmhairiú sin a ionchúiseamh agus deireadh a chur leis;

52. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go gcuirfidh an tAontas beartas neamhfhulaingthe i bhfeidhm maidir leis an bpóitseáil agus fiach neamhrialáilte;

53. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur cheart don Aontas, i ngach gné dá cuid oibre, agus i ndáil leis an bhfor-rochtain dhomhanda, na naisc idir cosaint na bithéagsúlachta agus cearta an duine, an daonlathas, an comhionannas inscne, an tsláinte, an t-oideachas, íogaireacht coinbhleachta, an cur chuige cearta-bhunaithe, tionacht talún agus ról na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil a neartú;

54. IS DÍOL SÁSAIMH DI go ndéanfaidh an tAontas agus na Ballstáit, mar chuid dá n-iarrachtaí domhanda, comhghuaillíochtaí le comhpháirtithe agus leis an tsochaí shibhialta ar fud an domhain a thugann tacaíocht leis an mbithéagsúlacht a chur chun cinn.